# Scéal, Scéal, Scéal…


11 Aibreán 2024 || Eagrán 191

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



**Kathleen ar cuairt ar Chéibh an Spidéil!**
**Niall Conneely, Sráidbhaile an Spidéil, a thóg an pictiúr.**

# LIG SINN i gCATHÚ




Tá Club Leabhar Chois Fharraige ag eagrú siúlóide i gcathair na Gaillimhe arís i mbliana i gcuimhne ar an úrscéal cáiliúil *Lig Sinn i gCathú* le Breandán Ó hEithir. Tá an t-úrscéal seo ar cheann de na corr scéalta atá suite i gcathair na Gaillimhe; úrscéal cathrach, mar atá in Ulysses i gcás Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh an bealach siúlóide léarscáil atá déanta amach de na háiteanna atá luaite sa leabhar ag tosú ag an gCearnóg in Ollscoil na Gaillimhe.

Ba é Máirtín Jaimsie Ó Flaithearta a chuir tús le himeachtaí na bliana seo caite agus chuir a chuid léitheoireachta agus a chuid cuimhní cinn ar Bhreandán go mór leis an taitneamh a bhain rannpháirtithe as imeachtaí an lae anuraidh.

I gcaitheamh dheireadh seachtaine na Cásca 1949, an bhliain ar fógraíodh Éire ina poblacht a tharlaíonn eachtraí an úrscéil. Seo scéal Mháirtín Uí Mhéalóid mac léinn ollscoile a bhfuil a shaol féin in aimhréidh fad is atá móreachtraí i stair na tíre ag dul ar aghaidh freisin.

Baile an Chaisil an t-ainm bréige a thug Ó hEithir ar Ghaillimh sa scéal ach ní deacair go leor de na háiteacha atá luaite sa leabhar a aithneachtáil sa lá atá inniu féin ann.

Tá An Taibhdhearc agus Óstán an Bhóthair Iarainn, an Great Southern mar a bhíodh agus An Hardiman Hotel mar atá anois ar chuid de na háiteacha sin.

I 1976 a foilsíodh an leabhar ar dtús agus deirtear gur díoladh amach i siopa leabhar Uí Chionnaith i nGaillimh an lá ar seoladh é agus go leor acu bíogtha a fháil amach an raibh siad féin luaite sa leabhar!

Bíonn an tsiúlóid ar bun ar an Satharn díreach i ndiaidh an tríú hAoine san Aibreán mar gheall ar dhátaí na Cásca i 1916 agus 1949. I mbliana, is ar an Satharn, an 20 Aibreán a bheidh sí ar bun. Tosóidh sí i gCearnóg na hOllscoile ag 12:30 i.n. Deirtear go mbeidh cuimhní, scéalta, sleachta as an leabhar, éadaí na 1940idí, crúibíní, comhluadar agus comhrá i ndán dóibh siúd a bheidh i láthair. Bhí an-lá ann anuraidh, is cinnte go mbeidh sin amhlaidh arís i mbliana.



# DEARBAÍ PEILE CHOIS FHARRAIGE

Is cinnte go mbeidh slua mór as Cois Fharraige ag an gcluiche peile Dé Sathairn seo chugainn nuair a bheas imreoirí ón dá thaobh d'Abhainn Bholuisce, peileadóirí An Spidéil agus na mBreathnach ag casadh lena chéile i Sraithchomórtas Peile na Gaillimhe, Roinn 3A ar Pháirc an Athar Mhic Shuibhne i gColáiste Chonnacht ag 6.00 i.n. Tá dhá chluiche imeartha ag chaon fhoireann sa tsraith go dtí seo agus an dá fhoireann buailte faoi dhó agus gan a dhath ag ceachtar acu ar thábla na bpointí dá réir. Seo an chéad uair le roinnt blianta a casadh an dá fhoireann seo as an gceantar ar a chéile. Tá na Breathnaigh ag imirt ag an ngrád idirmheánach, nuair a bhí An Spidéal ag imirt ag grád na sinsear le roinnt bheag blianta anuas. Ach chaill an Spidéal a n-áit sna sinsir anuraidh, rud a fhágann an dá fhoireann peile i gCois Fharraige sa ngrád céanna agus sa tsraith chéanna anois. Tá roinnt imreoirí ar iarraidh ón dá fhoireann faoi láthair, go leor acu ag taisteal an domhain agus iad lonnaithe san Astráil. Mar sin féin, tá imreoirí óga nua ag teacht chun cinn agus beidh súil á choinneáil orthu sin ar an Domhnach beag seo!

# RANGANNA GAEILGE

Cuirfear tús le gearrchúrsa Gaeilge in Inis Fáil sa Spidéal ar an Mháirt 30 Aibreán. Leanfaidh sé chuile Mháirt i rith na Bealtaine idir 8.oo i.n agus 9.30 i.n. Cúrsa idirmheánach atá i gceist, do dhaoine a bhfuil roinnt Gaeilge acu cheana féin. Seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com más mian leat clárú do na ranganna. Scaipigí an scéal!

# GRADAIM AN CHATHAOIRLIGH

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag fáiltiú roimh iarratais do Ghradaim an Chathaoirligh 2024. Tugann na Gradaim seo aitheantas do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha i gContae na Gaillimhe agus tarraingníonn siad aird ar an tionchar suntasach a bhíonn ag a ngníomhartha ar shaol a gceantair.

Is féidir le haon duine: daoine aonair sa bpobal, grúpaí pobail nó eagraíochtaí deonacha ainmniúcháin a chur chun cinn. Sé chatagóir atá ann: Ealaíon agus Cultúr, Oidhreacht, Comhshaol agus Athrú Aeráide, Foilseacháin Oidhreachta, Gaeilge agus Ionchuimsiú Sóisialta. B'iad Ceoltóirí Óga Chois Fharraige a thug duais na Gaeilge leo anuraidh.

Fógróidh An Comhairleoir Liam Carroll, Cathaoirleach an Chontae, na buaiteoirí ag Ball Carthanachta an Mhéara ar an Déardaoin 16ú Bealtaine 2024. Bronnfar Gradam agus Teastas lámhcheirde coimisiúnaithe go speisialta mar aon le duais airgid de €500 i dtreo a gcuid oibre ar chuile bhuaiteoir.

Níl le déanamh ach Foirm Ainmniúcháin líonta a sheoladh chuig awards@galwaycoco.ie.

Ní mór deifriú: an Mháirt, 16 Aibreán an spriocdháta!

# RANGANNA IÓGA

Cuirfidh Caoilfhionn de Bhaldraithe ó Sruth Yoga tús le sraith eile de ranganna ióga trí Ghaeilge ar an Déardaoin 11 Aibreán i Súil Eile Space i mBearna. Leanfaidh na seisiúin chuile thráthnóna Déardaoin idir 6.30 i.n agus 7.45 i.n. Tá tacaíocht á thabairt ag Gaeilge ABC do na ranganna agus lascaine ar fáil dá réir. Is féidir áit a chur in áirithe ar shuíomh www.sruthyoga.com, nó trí theagmháil a dhéanamh le Caoilfhionn ag 087 627 5626.

# MAGGIE AR AN MBÓTHAR!

Tá *Big Maggie* ar an mbóthar arís! Leanfaidh Cumann Drámaíochta Chois Fharraige lena gcamchuairt le *Big Maggie* an deireadh seachtaine seo nuair a léiríodh siad an dráma in Amharclann Ghaoth Dobhair.




Bridie Ní Churraoin a d'aistrigh dráma cáiliúil John B Keane go Gaeilge, nádúrtha, thírúil Chonamara agus is é Eoghan Ó Riada a léirigh é.

Ócáid ar leith a bhí ann don Chumann cúpla seachtain ó shin nuair a léirigh siad *Big Maggie* i Lios Tuathail, baile dúchais John B. Tugadh ardmholadh go deo don léiriú agus is cinnte gur amhlaidh a bheas i nGaoth Dobhair.

# GLANADH SUAS i gCOIS FHARRAIGE

Tá fochoiste timpeallachta Chois Fharraige ag eagrú glanadh suas i gCois Fharraige arís i mbliana. An Satharn an 27 Aibreán atá i gceist. Tiocfaidh daoine le chéile ag Seanscoil Sailearna idir 9-10r.n. Cuirfear miotóga agus málaí ar fáil. Muna bhfuil ach leathuair an chloig féin le spáráil agat, bí ann mar cuidíonn chuile iarracht le háilleacht an cheantair a chaomhnú. Bíonn an coimeádán bruscair agus dramhaíola lán go béal tar éis an fheachtais bhliantúil seo: bruscar nach mbeidh ar na bóithre is ar na cladaí! Ní neart go cur le chéile! Tuilleadh eolais: 087-6738834.

# POSTANNA SAN ITT

Tá postanna fós ar fáil san Ionad Tacaíochta Teaghlaigh in Indreabhán agus tá iarratais á lorg ó dhaoine leis na cáilíochtaí cuí.

Teastaíonn oibrithe luathbhlianta agus ní mór Gaeilge líofa agus cáilíocht 5 nó 6 i gCúram Leanaí a bheith ag na daoine a cheapfar. Íocfar idir €14.50 agus €16.50 san uair.

Tá oibrithe iarscoile ag teastáil freisin. Níl aon cháilíocht faoi leith ag teastáil do na postanna seo ach caithfidh caighdeán maith Gaeilge a bheith ag na hiarratasóirí. Aire a thabhairt do na gasúir agus iad ag déanamh obair bhaile, agus gníomhaíochtaí a eagrú dóibh de réir mar is gá na príomhdhualgais. Idir meánlae agus 17.30 Luan go hAoine na huaireanta oibre. Íocfar €13.50 in aghaidh na huaire.

Tá naíolann agus naíonra do pháistí réamhscoile, chomh maith le club bricfeasta agus seirbhís iarscoile ar fáil san ITT. Tá os cionn 120 páiste ag freastal ar an ionad faoi láthair.

Is féidir iarratas a dhéanamh tré CV a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com nó chuig an Rúnaí, An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh, Indreabhán.

# GLANADH SUAS SA SPIDÉAL




A mhuintir an Spidéil!

Bíonn oibrithe deonacha díograiseacha Choiste na mBailte Slachtmhara amuigh ag obair, soineann is doineann, chuile sheachtain. Tapaigí an deis cuidiú leo ar an Sathairn, 20 Aibreán.

10.00r.n. go meánlae.

Ar scáth a chéile a mhaireann muid.

# RÉILTÍN SA LEABHARLANN

Ceapadh Réiltín Joyce mar Leabharlannaí i Leabharlann an Spidéil le gairid. As Cois Fharraige do Réiltín agus tá an-áthas uirthi a bheith ag freastal ar a pobal áitiúil féin. Déanadh athchoiriú ar an leagan amach agus cuireadh le huaireanta oscailte na Leabharlainne, rud a bhfuil fáilte mhór roimhe.

Seo mar atá anois: Dé Máirt: 11:00 - 13:00 & 14:00 - 17:00, Déardaoin: 14:00 - 19:00, Dé hAoine 11:00 - 13:00 & 14:00 - 17:00 agus Dé Sathairn: 11:00 - 13:00 & 14:00 – 17:00.

Is féidir ballraíocht a ghlacadh, saor in aisce, ach foirm a líonadh sa leabharlann nó ar líne agus is iomaí sin seirbhís idir iasacht leabhra agus closleabhra agus cúrsaí saor in aisce ar líne fiú atá ar fáil sa Leabharlann.

Tugaigí cuairt ar Réiltín!

